# Ag Tacaíocht leis an Procéis

Tá an proceis MRB mar gnáth cleachtas seomra ranga. Le linn gnáth cleachtas seomra ranga bíonn tacaíocht ó scoláirí. D'fhonn aiseolas forbarthach a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an taisc, is cóir breathnú ar an bpróiseas leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní le h-aghaidh measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis ach 'tacaíocht réasúnta' a chur ar fáil dó.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht réasúnta:

- Riachtanais an taisc a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM a úsáid le brí agus léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an iniúchta agus na tuairisce a éascú
- Tacaíochtaí a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu

Níl sé i gceist leis an leibhéal tacaíochta seo go mbeadh ar an múinteoir dréacht-tuairiscí a chur in eagar, ná téacs ná freagraí múnla a chur ar fáil lena n-úsáid i bhfianaise an scoláire ar fhoghlaim.

## MRB 1 – Iniúchadh Turgnamhach Sínte (ITS)

Má bhfuil níos mó ná tacaíocht resúnta ó scoláire, is féidir leis an mhúinteoir nóta de leibhéal an tacaíocht sna réimsí leanas a bhreacadh síos:

| | |
|---|---|
| • Ag Ceapadh hipitéis/tuartha | áit go dtugann an múinteoir ceist fiosraithe nó iomarach treoir madair le hipitéis intástáilte nó tuar le beathú a cheapadh |
| • Pleanáil | más rud é go gcaithfidh an múinteoir cúnamh a thabhairt le dearadh an iniúchta — mar shampla, de bharr go raibh an modh beartaithe dainséarach, neamhiomlán, nó dochurtha i bhfeidhm |
| • An t-iniúchadh a dhéanamh | sa chás go gcaithfidh an múinteoir cúnamh a thabhairt lena chinntiú go gcuirtear an trealamh le chéile i gceart agus go n-úsáidtear go slán sábháilte é, |

## MRB 2 – Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí (IES)

Is féidir leis an múinteoir tagairt a dhéanamh dá chuid nótaí féin lena fháil amach cibé acu a bhí nó nach raibh ní ba mhó tacaíochta ná an méid a mheastar is 'tacaíocht réasúnta' ag teastáil agus topaic iniúchta á roghnú, ceist taighde ar leith á socrú, nó eolas á aimsiú agus á thaifeadadh.

Curtha in oiriúint ó 'Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe', an Dara hEagrán, NCCA, Aibreán 2018